# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

# LÉANN CLASAICEACH –ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 22 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá ceisteanna anseo ar **dheich dtopaic**.
Tá na topaicí roinnte mar seo a leanas:
Na Topaicí 1 – 5 = **CUID A** – An Saol Gréagach
Na Topaicí 6 – 10 = **CUID B** – An Saol Rómhánach

Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **chúig thopaic**, mar leanas:
**dhá** thopaic as **CUID A**;
**dhá** thopaic as **CHUID B**;
an **cúigiú** topaic as **CUID A** nó **B**.

Tá 80 marc ag gabháil le gach topaic.
Marcanna iomlána ar an bpáipéar = (80 x 5) = 400.

Cuirtear fótagraif, a bhfuil gá leo le roinnt de na ceisteanna a fhreagairt, ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

| **CUID A – An Saol Gréagach** | **CUID B – An Saol Rómhánach** |
|---|---|
| Topaic 1: Fraoch Aichill. | Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta. |
| Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs. | Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide. |
| Topaic 3: Saol agus Bás Shócraitéis. | Topaic 8: Saol agus Comhaimsir Iúil Caesar. |
| Topaic 4: Mícéine agus an Traí. | Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé. |
| Topaic 5: Acrapail na hAithne. | Topaic 10: An tArm Rómhánach. |

[Thall

# CUID A

## An Saol Gréagach

**Topaic 1: Fraoch Aichill.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh bean chéile agus mac Eachtair.

(ii) Cad is buafhocal ann?

(iii) Cérbh é Helenus? Cén chomhairle a chuireann sé ar Eachtar i Leabhar 6?

(iv) Cén dia a théann in éineacht le Priam chun corp Eachtair a fháil ar ais ó Aichill?

(v) Cad a deir Apolló le Patroclus i Leabhar 16 den **Íliad**?

(vi) Cé hí Cassandra? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar an ról a imríonn siad seo a leanas san **Íliad**

a) Apolló (12)
**agus**
b) Aitéine (12)

(ii) Cad a dhéanann Téitis ar son Aichill i Leabhar 1 den **Íliad**?
Cén fáth a ndéanann sí é sin? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Leabhar 3** den **Íliad**, agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a chonaic Meinealás trodach Paris ag siúl ina threo de choiscéimeanna móra os comhair ranganna an namhad, bhí a oiread áthais air agus a bhíonn ar leon a aimsíonn conablach mór agus a fhaigheann amach gur fia beannach nó gabhar fiáin é; tá sé caillte leis an ocras agus itheann sé go craosach é d'ainneoin iarrachtaí na madraí meara agus na sealgairí láidre óga é a ruaigeadh. Bhí an oiread sin áthais ar Mheinealás nuair a leag sé súil ar Pharis, a raibh cuma madra air, toisc gur shíl sé go raibh a dheis tagtha chun díoltas a bhaint amach as an bhfear a rinne éagóir air. Agus é faoi iomlán airm, léim sé go talamh as a charbad.

(i) Cén t-éagóir a rinne Paris ar Mheinealás? (6)

(ii) Aimsigh an tsamhail a chuireann síos ar Mheinealás. Cé leis a gcuirtear i gcomparáid é? (6)

(iii) An gceapann tú gur bealach maith é le cur síos a dhéanamh ar conas a mhothaigh Meinealás? Luaigh cúis le do fhreagra. (6)

(iv) Féach ar Fhótagraf **1** ar Pháipéar **X** ón scannán 'Troy' a rinneadh le blianta beaga anuas. Paris agus Heilean atá san fhótagraf. An mbreathnaíonn siad mar a shamhlaigh tú iad agus an **Íliad** á léamh agat? Luaigh cúis le do fhreagra. (6)

(80 marc)

**Topaic 2: An Ghréig agus an Pheirs.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cár rugadh an staraí Heireadótas?

(ii) Cén fáth ar sheol na Peirsigh timpeall ar Sunium tar éis Chath Maratóin?

(iii) Nuair a tháinig Pausanias ar phuball Mardonius tar éis bua na nGréagach ag Plataea, cad a rinne sé?

(iv) Cén dia a raibh oileán Delos tiomnaithe dó?

(v) Cén fáth ar ordaigh Xerxes dá chuid fear trí chéad buille a thabhairt don Heilléaspont?

(vi) Cén fáth ar cuireadh Pheidippides go dtí Sparta? (24)

(*b*) (i) Cén chomhairle a chuir Artemisia ar Xerxes roimh Chath Salamis? (8)

(ii) Cén teachtaireacht a d'iarr Teimisticléas ar Sicinnus a thabhairt do na Peirsigh ag Salamis? Cén fáth a ndearna sé é sin? (8)

(iii) Cén fáth a bhfuil cáil chomh mór sin ar Salamis mar chath farraige? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (16)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Na Leabhair Staire** le Heireadótas. Cuireann sé síos ar an troid idir na Spartaigh agus na Peirsigh ag Bearnas Thermopylae. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Ba throid í ar thaobh na Spartach arbh fhiú a choinneáil i gcuimhne: fir a bhí iontu a thuig cogadh in aghaidh airm gan taithí; agus ceann de na cleasa a d'imir siad ná a ndroim a chasadh agus ligean orthu féin go raibh siad ag teitheadh agus iad trína chéile; ansin leanadh an namhaid iad le torann agus le gleo; ach díreach agus na Peirsigh sa mhullach orthu, chasaidís timpeall agus thugaidís aghaidh orthu agus mharaídís an-chuid acu. Chaill na Spartaigh roinnt saighdiúirí freisin, ach ní mórán. Faoi dheireadh nuair a d'airigh na Peirsigh nach raibh ag éirí lena gcuid ionsaithe ar an mbearnas, d'éirigh siad as an troid agus chuaigh siad ar gcúl.

(i) De réir an tsleachta thuas, cérbh é an buntáiste ba mhó a bhí ag na Spartaigh ar a naimhde? (8)

(ii) Cén cleas a d'imir na Spartaigh chun troid a chur ar na Peirsigh? (8)

(iii) Ainmnigh an rí Spartach a bhí i gceannas ar a chuid fear nuair a chosain siad Bearnas Thermopylae. (8)

(80 marc)

**[Thall**

**Topaic 3: Saol agus Bás Shócraitéis.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile**, - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Ainmnigh **ceann** de na háiteanna ina ndearna Sócraitéas seirbhís mar shaighdiúir.

(ii) Cén aois a bhí ag Sócraitéas nuair a cuireadh triail air?

(iii) Cén cheist a chuir Chaerephon ar an aitheascal Deilfeach?

(iv) Cén fáth ar chuir na hAithnigh bád go Delos gach bliain?

(v) Cad a d’iarr Sócraitéas ar an ngiúiré a thabhairt dó maidir lena chuid mac?

(vi) Cad a d’iarr Sócraitéas ar Crito a dhéanamh sna focail deiridh uaidh? (24)

(*b*) (i) Dá bhféadfá Sócraitéas a chosaint sa chúirt, cad iad na hargóintí a chuirfeá chun cinn chun é a chosaint? (20)

(ii) Cad a mhol Sócraitéas mar rogha ar phionós an bháis? (4)

(iii) Chreid Sócraitéas gur ceann de dhá rud é an bás. Cérbh iad? (8)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **Crito** le Platón agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> CRITO: Ach breathnaigh, a Shócraitéis, níl sé ródhéanach glacadh le mo chomhairle agus éalú. Ba thubaiste faoi dhó dom do bhás: seachas cara a chailleadh nach féidir liom duine a chur ina ionad riamh, beidh an fhadhb seo sa bhreis agam, go leor daoine nach bhfuil aithne an-mhaith acu ortsa agus ormsa, ceapfaidh siad gur loic mé ort, iad á rá go bhféadfainn tú a shábháil dá mbeinn sásta an t-airgead a chaitheamh; agus cén rud a d’fhéadfadh a bheith níos náirí ná an cháil gur mhó do mheas ar airgead ná ar do chairde? Ní chreidfidh formhór na ndaoine gurbh é tusa a dhiúltaigh an áit seo a fhágáil nuair a rinneamar ár ndícheall é sin a áiteamh ort.

(i) Tar éis an sliocht sin a léamh, an dóigh leat gur cara maith le Sócraitéas é Crito? Tabhair cúis le do fhreagra. (6)

(ii) Tar éis an sliocht sin a léamh, cén rud is mó a chuir eagla ar Crito faoi chinneadh Shócraitéis gan éalú? (6)

(iii) Tar éis **Crito** le Platón a léamh, cén chúis a thugann Sócraitéas faoi dheireadh nár éalaigh sé ón Aithin? (6)

(iv) An bhfuil meas agat ar chinneadh Shócraitéis fanacht agus aghaidh a thabhairt ar an mbás? Luaigh cúis le do fhreagra. (6)

(80 marc)

**Topaic 4: Mícéine agus an Traí.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén tábhacht a bhaineann le Wilhelm Dörpfeld i gcás scéal na Traí?

(ii) Ainmnigh an **dá** mhór-gheata i gcathair na Traí.

(iii) Cad atá á thaispeáint i bhFótagraf **2** ar Pháipéar **X**?

(iv) Cad is *megaron* ann?

(v) Cad í an ghné chruinn a léirítear i bhFótagraf **3** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cé acu ceann de na naoi gcathair a fionnadh i dTraí a chreid Schliemann gurbh í cathair Chogadh na Traí í? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos achomair ar **dhá cheann ar bith** de na gnéithe seo a leanas den saol Mícéineach:

éadaí; cogaíocht; nósanna adhlactha; foirgnimh. (20)

(ii) Cén bhaint atá ag Michael Ventris leis an staidéar ar an tsibhialtacht Mhícéineach?(8)

(iii) Seachas Mícéine í féin, ainmnigh pálás Mícéineach **amháin** eile. (4)

(*c*) (i) Cén t-údar Gréagach arb é an phríomhfhoinse eolais atá againn faoi Chogadh na Traí é? (6)

(ii) Mínigh cén fáth a ndearna na Gréagaigh ionradh ar chathair na Traí. (6)

(iii) Déan cur síos gearr ar an bhfilleadh abhaile a rinne Agaimeamnón ón Traí. (6)

(iv) De réir an fhinscéil, cad a tharla do Heilean tar éis Chogadh na Traí? (6)

(80 marc)

**Topaic 5: Acrapail na hAithne.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén ról a d'imir Aristeides sa Chonradh Déiliach?

(ii) Cén dia a luaitear leis an amharclann atá taobh thíos den Acrapail?

(iii) Cad is *peplos* ann?

(iv) Cén bhaint a bhí ag an Tiarna Elgin leis na foirgnimh ar an Acrapail?

(v) Cé a léirítear i bhFótagraf **4** ar Pháipéar **X**?

(vi) Cad a tharla don Phartanón i 1687? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar an ord ailtireachta Dórach agus tú ag baint úsáide as na téarmaí cearta **nó** déan líníocht lipéadaithe den ord Dórach. (20)

(ii) Dar leatsa, cén fáth a meastar gurb é an Partanón an ceann is suntasaí de na teampaill Ghréagacha? (12)

(*c*) Taispeánann Fótagraf **5** ar Pháipéar **X** teampall Nike Ataene ar an Acrapail.

(i) Abair cé acu leis an ord ailtireachta Dórach nó leis an ord Iónach a bhaineann sé. . (6)

(ii) Ainmnigh **dhá** ghné ailtireachta atá ar an bhfoirgneamh seo. (6)

(iii) Cad is Karyátides ann agus cá bhfuil siad le fáil ar an Acrapail? (6)

(iv) Cad é an Propylaea? (6)

(80 marc)

## CUID B

## An Saol Rómhánach

**Topaic 6: Aeinéas ar a Shiúlta.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Luaigh cúis **amháin** nach dtaitníonn muintir na Traí le Iúnó.

(ii) Cén t-oileán a raibh Aeinéas ag seoladh uaidh nuair a séideadh dá chúrsa go dtí an Chartaig é?

(iii) Cé hé Ascanius? Cén t-ainm eile atá air?

(iv) Cén fáth nach maraíonn Aeinéas Heilean?

(v) Cé hé Iarbas?

(vi) Cén duine a gcuireann Iúpatar é chun insint d'Aeinéas go gcaithfidh sé an Chartaig a fhágáil? (24)

(*b*) (i) Tabhair breac-chuntas ar na príomhchéimeanna i bhforbairt an chaidrimh idir Díodó agus Aeinéas. (20)

(ii) Déan cur síos ar an rud a tharlaíonn nuair a bhuaileann Díodó le hAeinéas sa Domhan Thíos. An mothaíonn tú comhbhá le Díodó nó le hAeinéas? Tabhair cúis le do fhreagra. (12)

(*c*) Is dealbhóireacht atá le feiceáil i bhFótagraf **6** ar Pháipéar **X** a léiríonn Laocóon i radharc cáiliúil as an scéal faoi thitim na Traí.

(i) Sa dealbhóireacht sin, cad atá ag tarlú do Laocóon agus dá bheirt mhac? (6)

(ii) Cén fáth a dtarlaíonn sé sin dó? (6)

(iii) Nuair a bhíonn an Traí ag titim, cé a nochtann é féin d'Aeinéas i mbrionglóid? Cad iad na treoracha a thugann sé dó? (6)

(iv) Nuair a éalaíonn Aeinéas ón Traí faoi dheireadh, cé a iompraíonn sé ar a dhroim? (6)

(80 marc)

**Topaic 7: Téatar na Rómhánach – Coiméide: An Saighdiúir Maíteach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén aois inar scríobhadh **An Saighdiúir Maíteach**?

(ii) Cad a bhí ar siúl ag Sceledrus thuas ar an díon?

(iii) Cé a deir iad seo a leanas **agus** cé leis a ndeirtear é?
"Costas? Ná bí amaideach, a bhuachaill; an méid a chaitheann tú ar namhaid nó ar drochbhean chéile, is costas é sin."

(iv) Cén chathair ársa ina bhfuil an dráma suite?

(v) Sa dráma seo, cén fáth a n-úsáideann na haisteoirí caint i leataobh uaireanta?

(vi) Cén duine a ndéanann an t-athfhriotal seo tagairt dó?
"Tá an oiread sin cosúlachta eatarthu, ise agus do bhean óg, agus nach bhféadfadh dhá bhuicéad uisce as an tobar céanna a bheith níos cosúla le chéile" (24)

(*b*) (i) Mínigh conas a tharla sé go raibh Palaestrio ina chónaí in éineacht leis an gcaptaen. (8)

(ii) Tar éis **An Saighdiúir Maíteach** a léamh, cad is féidir leat a rá faoi shaol an sclábhaí sa Róimh ársa. (12)

(iii) Cé hé Lurcio? An dóigh leat go dtaitníonn a jab leis?
Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (12)

(*c*) Léigh an sliocht seo a leanas as **An Saighdiúir Maíteach** agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> PYRGOPOLYNICES: Amadán, nach mé an t-amadán. Anois feicim cén sórt pleidhce atá déanta acu díom; agus ba é Palaestrio, an deargropaire, a mheall isteach sa ghaiste mé… Bhuel, ba chóir mar chleas é, agus níl ann ach cothrom na Féinne. Dá ndéanfaí a leithéid le lucht uile na drúise, rachadh an drúis i laghad; bheadh níos mó eagla ar pheacaigh agus chuirfidís feabhas ar a gcuid iompair.

(i) An aontaíonn tú gur "deargropaire" é Palaestrio? Luaigh cúis le do fhreagra. (8)

(ii) Cén gaiste ar mealladh Pyrgopolynices isteach ann? (8)

(iii) An aontófá gurbh é an rud cóir atá déanta agus go bhfuil fios a chéille curtha ar Pyrgopolynices? Luaigh cúiseanna le do fhreagra. (8)

(80 marc)

**Topaic 8: Saol agus Comhaimsir Iúil Caesar.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén freagra a thug Caesar nuair a d'éiligh na foghlaithe mara a ghabh é fiche tallann mar airgead fuascailte?

(ii) Cén fáth ar thosaigh Caesar ag caoineadh nuair a léigh sé stair Alastair Mhóir?

(iii) Cé a d'aimsigh Clodius i dteach Caesar ag féile an Bhandé Mhaith?

(iv) Ainmnigh an duine a d'íoc fiacha Caesar sular chuir sé chun bóthair go dtí an Spáinn?

(v) Conas a chuaigh sé i gcion ar Caesar nuair a thug Theodotus ceann Phoimpéis chuige san Éigipt?

(vi) Cén aois a bhí ag Caesar nuair a fuair sé bás? (24)

(*b*) (i) Sna laethanta sula bhfuair Caesar bás, tugadh rabhadh roinnt uaireanta faoi bhás Caesar a bheith i ngar dó. Luaigh **trí** shampla de na rabhaidh nó fáistiní sin. (12)

(ii) Tabhair cuntas ar bhás agus ar shochraid Caesar. (12)

(iii) Conas a fuair Brutus agus Cassius bás? (8)

(*c*) Baineann an sliocht seo a leanas as **Turnamh Phoblacht na Róimhe** le Plútarc le gabháil Alesia ag Caesar. Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Formhór na ndaoine a d'éalaigh ón gcath, chuaigh siad ar chaomhnú in éineacht lena Rí i gcathair Alesia. Measadh an áit a bheith doghafa i ngeall ar mhéid agus ar neart na mballaí agus ar líon mór a cosantóirí. Chuir Caesar léigear uirthi, áfach, agus le linn dó a bheith á dhéanamh chuir contúirt dho-inste bagairt air ón taobh amuigh. Trí chéad míle fear de na trúpaí troda ab fhearr ó gach náisiún sa Ghaill, chruinnigh siad le chéile agus mháirseáil siad chun Alesia a fhuascailt. Ansin bhraith Caesar é féin teanntaithe idir dhá fhórsa ollmhóra; bhí sé faoi léigear é féin.

(i) Ainmnigh an Rí a bhfuil tagairt dó sa sliocht seo. (4)

(ii) De réir an tsleachta, cén fáth a raibh sé chomh deacair ar Caesar Alesia a ghabháil? (8)

(iii) Tar éis duit Plútarc a léamh, cérbh é an rud ba shuntasaí a bhain le bua Caesar ag Alesia? (6)

(iv) Ainmnigh bua **amháin** eile a bhain Caesar ina chuid feachtas sa Ghaill. (6)

(80 marc)



**[Thall**

**Topaic 9: Cathair Rómhánach – An Phoimpé.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Cén bhaint a bhí ag an nginearál Rómhánach Sulla leis an bPoimpé?

(ii) Cad atá á thaispeáint i bhFótagraf **7** ar Pháipéar **X**? Cé a chaitheadh é?

(iii) Cad is strigil ann?

(iv) Cad ab ea *palaestra*?

(v) Cén finné súl a scríobh an cuntas cáiliúil ar bhrúchtadh Chnoc Vesuvius i 79 A.D.?

(vi) Cérbh iad na chéad daoine a mhair sa Phoimpé? (24)

(*b*) (i) Déan cur síos ar an leagan amach tipiciúil, ar an maisiúchán, agus ar an troscán a bhíodh i dteach Rómhánach (*domus*). Tá cead agat sceitse a úsáid mar **chuid** de do fhreagra. (24)

(ii) Cén difríocht a bheadh idir teach Rómhánach agus cóiríocht thipiciúil nua-aimseartha? (8)

(*c*) (i) Breathnaigh ar Fhótagraf **8** ar Pháipéar **X**. Cad a thaispeánann sé? (8)

(ii) Dar leatsa, cén fáth a roghnódh Rómhánach íomhá a chur ina theach den saghas atá á thaispeáint i bhFótagraf **8**? (8)

(iii) Cad a thugtar ar na déithe teaghlaigh? Cé a bheadh i bhfeighil na seirbhíse laethúla do na déithe teaghlaigh Rómhánacha? (8)

(80 marc)

**Topaic 10: An tArm Rómhánach.**

Ba cheart tabhairt faoi na páirteanna **uile** - (*a*), (*b*) agus (*c*).

(*a*) Freagair **trí** cinn de na ceisteanna seo a leanas. Is leor abairt nó dhó i gcás gach freagra. Is fiú ocht marc gach ceist.

(i) Abair go díreach cén cineál saighdiúra atá á thaispeáint i bhFótagraf **9** ar Pháipéar **X**.

(ii) Cérbh í an obair a dhéanadh an Maor Campa (*praefectus castrorum*)?

(iii) Cén chúis a bhí le léigiún a bheith ar stáisiún san Éigipt?

(iv) Cérbh é Haidrian? Cár tógadh balla mór dó?

(v) Ainmnigh **dhá** rud a mbaintí airgead ina leith as pá saighdiúra.

(vi) Cérbh é Mithras? (24)

(*b*) Tá baile an namhad timpeallaithe ag léigiún Rómhánach atá ag réiteach chun ionsaí a dhéanamh. Déan cur síos ar conas a dhéantar léigear ar an mbaile **agus** ar conas a ghabhann na Rómhánaigh é. Bíodh na hairm **agus** an bheartaíocht chogaidh a úsáidtear ar an **dá thaobh** san áireamh i do fhreagra. (32)

(*c*) Déan staidéar ar Fhótagraf **10** ar Pháipéar **X**. Taispeánann sé leac uaighe a bhaineann le marcach airm darbh ainm Flavius Bassius. Freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén fáth a mbeadh sé níos deacra ar mharcach airm Rómhánach ná ar marcach nua-aimseartha marcaíocht ar chapall? (6)

(ii) Cén difríocht atá idir an claíomh a bhíodh ag marcach airm agus an ceann a bhíodh ag léigiúnach? (6)

(iii) Seachas claíomh, ainmnigh **trí** rud a bhain le trealamh agus airm mharcaigh airm. (6)

(iv) Cén phríomhobair a bhí le déanamh ag marcach airm le linn am síochána? (6)

(80 marc)

Leathanach Bán